



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Taighde agus Nuálaíocht UCD
Scoil Aonad:	Taighde UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	Oifigeach Riaracháin Airgeadais Taighde
Fad an Phoist:	Ceapachán sainchuspóra a chlúdaíonn duine ar iasacht (Tréimhse mheasta: 6 – 10 mí)
Grád:	Oifigeach Riaracháin II
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht agus Riarachán Taighde agus Nuálaíochta – Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	N/B
Bainisteoir Líne:	Oifigeach Conarthaí agus Airgeadais
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	018325
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Julie Breen

Achoimre ar an bPost:

Tacaíocht a thabhairt don Oifigeach Conarthaí agus Airgeadais (nó ainmnithe) chun athbhreithniú airgeadais agus measúnú riosca a dhéanamh ar dheontais taighde nua sula gcláraítear iad agus sula dtiocfaidh siad chun bheith gníomhach ar an gcóras airgeadais. Áirítear ar na freagrachtaí grinnscrúdú, léirmhíniú agus cur i bhfeidhm rialacháin airgeadais na ngníomhaireachtaí maoinithe, comparáid le beartais agus nósanna imeachta airgeadais na hollscoile a mhéid a chuireann siad isteach ar chuntais taighde. Measúnú conartha agus bailíochtú sonraí. Cabhrú leis an athbhreithniú deiridh ar gach Conradh taighde sula sínítear é. Cabhrú le síntí conartha a chlárú. A chinntiú go bhfuil na comhaontuithe iomchuí i bhfeidhm i gcomhair gach Conradh ina bhfuil UCD ina chomhordaitheoir conartha. Sláine na sonraí airgeadais agus neamhairgeadais ar Chóras Bainistíochta Taighde UCD (RMS) a dhaingniú. Tacú leis an Oifigeach Conarthaí agus Airgeadais mar eochairphointe faisnéise do bhainisteoirí airgeadais an choláiste maidir le rialacháin airgeadais na ngníomhaireachtaí maoinithe taighde.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Tacú le hathbhreithniú agus críochnú measúnaithe riosca ar gach Conradh agus comhaontú cuibhreannais sula síníonn an Stiúrthóir Airgeadais iad.
- Buiséid a chomhaontú agus a bhailíochtú le hinstiúidí comhpháirtíochta ar chomhaontuithe cuibhreannais, áit a bhfuil UCD ina chomhordaitheoir.
- Cuir suimeanna bronnta i gcomparáid le tograí bunaidh, aithin difríochtaí agus déan teagmháil le PI chun saincheistanna buiséadacha a réiteach.
- Faisnéis bhuiséad an tionscadail a bhailíochtú agus nuashonrú ina dhiaidh sin ar an gCóras Bainistíochta Taighde (RMS) le sonraí cuntais chun comhlíonadh théarmaí agus choinníollacha na Gníomhaireachta um Maoiniú Taighde a chinntiú.
- Cabhrú le bainistiú aistrithe tionscadal go UCD ó Ollscoileanna eile. Buiséid iarmharacha agus forchostas iarmharach a dhaingniú ar chonarthaí atá le teacht isteach.
- Cabhrú le hathbhreithniú ar shíneadh le conartha taighde, leasuithe buiséid a ullmhú, irisleabhair, agus córais inmheánacha a nuashonrú chun na hathruithe ábhartha a léiriú.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí maoinithe maidir le soiléiriú ar chostais incháilithe faoi ghlaonna maoinithe.
- Comhairle a sholáthar do thaighdeoirí maidir le riarachán cuntas taighde.
- Cabhrú le forbairt, cur i bhfeidhm agus cothabháil nósanna imeachta cuntasáochta taighde.
- Rannpháirtíocht i dtionscadail ad hoc a bhaineann le taighde de réir mar a thagann siad chun cinn.

- Dualgais eile de réir mar is gá.

95 Oifigeach Riaracháin II_2010 Scála Tuarastail: €49,974 - €63,876 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltimid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Cnuasaigh Poist ag UCD agus glactar leis an ról seo mar chuid de **Chnuasach Poist na Bainistíochta agus an Riaracháin Taighde agus Nuálaíochta agus tá sé ailínithe le Leibhéal Gairme 3**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreatlach Teaghlaigh Poist ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 3-4 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal agus/nó cáilíocht tríú leibhéal (tá cáilíocht iarchéime inmhianaithe).
- Taithí dhá bhliain ar a laghad ar riarachán taighde.
- Taithí i gcórais chuntasaíochta ríomhairithe.
- Taithí i mbainistíocht agus tuairisciú bunachar sonraí.
- Taithí i gCuntasaíocht/Leabharchoimeád.
- Ardleibhéal cruinnis agus aird ar mhionsonraí.
- Sársceleana ríomhaireachta, lena n-áirítear scileanna próiseála focal, scarbhileoige, idirlín agus r-phoist.
- Taithí roimhe seo ar obair i ról a bhfuil discríd ag teastáil agus faisnéis rúnda á plé.
- Taithí roimhe seo ag obair i dtimpeallacht oifige ghnóthach agus éilitheach.
- Caithfidh iarrthóirí feacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Clárú Deontais:** Soláthraíonn sé tacaíocht, treoir don phobal Taighde maidir le clárú Dámhachtainí nua. Béim láidir ar sholáthar seirbhíse.
- **Beartas agus Rialachas:** Tuiscint láidir ar théarmaí agus coinníollacha, ar straitéis agus beartais UCD agus ar reachtaíocht a chomhlíonadh agus an cumas príomhcheisteanna a shainiú agus sainchúram d'athbhreithniú inmheánach á ullmhú.
- **Timpeallacht Taighde:** Tuiscint láidir ar ghlaonna agus ar ionstraimí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhaigheann an Ollscoil.

Príomhinniúlachtaí

- **Pleanáil agus Eagrú:** Sársceleana pleanála agus eagrúcháin a léiriú, lena n-áirítear ualach oibre a eagrú, tascanna a dheighilt agus a chomhcheangal chun aschuir a sheachadadh de réir achar ama shoiléir chun

cuspoirí a bhaint amach. Tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus a chinntiú go gcloífead le spriocdhátaí.

- **Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh:** Sársceileanna cumarsáide a chruthaítear leis an gcumas faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus iad a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus barúlacha éagsúla a chur san áireamh agus ardleibhéal gairmiúlachta á choimeád nuair atáthar ag obair faoi bhrú le tosaíochtaí a thagann salach ar a chéile.
- **Obair a dhéanamh as do stuaim féin:** Cumas nach beag maidir le hobair a dhéanamh as do stuaim féin trí ghníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus chun iad a réiteach agus réitigh a aimsiú. Cumas oibriú as do stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** Tuiscint shuntasach agus cumas suntasach chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar chun freastal ar ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha uile.
- **Feasacht Eagrúcháin:** Tuiscint mhaith a léiriú ar thimpeallacht mhaoinithe UCD ina hiomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht ghairmiúil tríú leibhéal ábhartha.
- Tuiscint ar phríomhthéarmaí na nGníomhaireachtaí Maoinithe Taighde.
- Taithí ar chuntasáocht do thaighde maoinithe.
- Cáilíocht chuntasáochta ghairmiúil a shaothrú.
- Léirithuiscint ar cheisteanna CBL a bhaineann le taighde maoinithe.
- Tuiscint ar an bpróiseas iniúchta.
- Taithí ar chóras cuntasaíochta na hOllscoile (eFinancials, RMS, CoreHR).

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
Oifig an Leas-Uachtaráin um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar:	https://www.ucd.ie/researchandinnovation/
Taighde UCD:	https://www.ucd.ie/research/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:

Ainm:	Paula Murphy
Teideal:	Oifigeach Conarthaí agus Airgeadais
Seoladh ríomhphoist:	paula.m.murphy@ucd.ie
Fón:	(01) 7164026